#WeAreUlsterGAA



# CLG ULADH

## An Chomhdháil Bhliantúil 2016

# TUARASCÁIL AN RÚNAÍ

# Tuarascáil an Rúnaí

**A Chairde**

**Tá dul chun cinn na heagraíochta ag dul ar aghaidh go maith. Tá muid ag fás agus ag forbairt. Tá muid ag dul chun cinn mar eagraíocht, fiú mas mall é sin in uaireanta. Tá feidhmíocht na gcontaetha go maith go ginearálta, ach tá gá athbhreithniú a dhéanamh ar cheist na hiománaíochta agus athnuachan a dhéanamh ar chúrsaí iománaíochta.**

Nuair a scrúdaítear an bhliain s'chuaigh thart, tá go leor gnéithe gur féidir a bheith bródúil astu, de bharr go bhfuil muid iontach iomaíoch i gcúrsaí peile, ach tá gá go gcloífimid le polasaí an Aon Chlub. Cuirimid fáilte roimh dhul chun cinn Thír Eoghain i gcraobh chomórtas peile faoi 21 agus Craobh na hÉireann bainte amach acu. Is éacht ollmhór é sin, nuair a chuirtear san áireamh caighdeán agus láidreacht na bhfoirne sa Chúige agus ar fud na tíre, ag an leibhéal sin. Is marc é san scála ar fhorbairt imreora agus forbairt foirne agus is cosúil go bhfuil ár n-inniúlacht iomaíocha ag dul chun cinn ag an leibhéal seo. San iománaíocht bhí bua tuillte ag Fear Manach i gcluiche ceannais Chorn Lory Meagher. Bhain O'Donovan Rosa Cluiche Ceannais Chraobh Chlubanna Idirmheánach, agus ag cur san áireamh bua Loughgiel cheana féin, léiríonn sé sin an dul chun cinn atá a dhéanamh, agus go bhfuil caighdeán iomaíochta ar chomhchéim le áit ar bith eile.

Bhí an bhliain s'chuaigh thart iontach iomaíoch agus léiríonn sé seo gurbh iad na cluichí croí lár an fhócais san Eagraíocht, agus go bhfuil na foirne atá rannpháirteach ag déanamh infheistíocht mhór inár gcontaetha, inár gCumainn agus inár Scoileanna. Tá an fhianaise seo le feiceáil go soiléir agus tá na caighdeáin atá a mbaint amach anois ábhartha dona hidéil atá ag an CLG agus caithfear todhchaí na gcluichí taobh istigh den CLG sa tír agus i measc an diaspóra a dhaingniú i gcroílár an CLG.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tá leathnú tagtha ar ghnéithe éagsúla de chúrsaí airgeadais Chomhairle Uladh. Le bliain anuas rinneadh obair chasta ag déileáil leis na héilimh atá le comhlíonadh maidir le "Peoples Pension". Ag deireadh na bliana bhí go leor gnéithe dlíthiúla a bhaineann le fostaithe agus an dlí socraithe ag an Chomhairle. Tá gá anois le níos mó rialacháin maidir le CBL agus Pinsin, agus dá bharr sin tá níos mó dualgais ar eagraíochtaí ar nós CLG Uladh. Tá na hionchuir leanúnacha maidir le forbairt atá beartaithe ar Pháirc Mhic Easmaint ag tógáil cuid mhór ama, agus tá na oibleagáidí bhreise ar an Chomhairle de bharr ionchur níos mó do thograí, le cois riachtanais diana buiséadach. Tá an obair ag leanstan ar aghaidh maidir le ioncam agus caiteachas na Comhairle, agus tá an obair sin lárnach inár gcuid oibre, agus is san réimse seo atá méadú ar éilimh na Comhairle.

Bhí ioncam €6,674,527 ag Comhairle Uladh i 2015 agus gach deontas san áireamh. B'ionann ár bhfáltais cluichí, €1,746,950, agus 26% den mhéid seo, i gcomparáid le 31% den ioncam iomlán i 2014. Is ionann ár n-iomcam ó dheontais, €1,539,509, agus 23% den iomlán i 2015, i gcomparáid le 23% i 2014. B'é €6,004,573 caiteachais iomlán na bliana seo chuaigh thart. Chomh maith leis sin, caitheadh €159,237 ar infheistíocht sna páirceanna agus san ionfrastruchtúr. Bhí brábús oibriúcháin de luach €510,717 ar fheidhmiú na bliana agus aistríodh an méid seo go dtí ár gciste carntha. Déantar iniúchadh ar an tréchur airgeadais go leithleach agus is é seo bunú an tionscnaimh iomlán. Táimid buíoch leis an Ghrúpa Oibre Airgeachais agus Rialachais agus Breandán Ó hUisce as a dtreoraíocht ar an obair ríthábhachtach seo. Tugaimid aitheantas don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus don Ardchomhairle mar gheall ar na deontais a bhronn siad i dtaca le tionscnamh Pháirc Mhic Asmaint.

Lean an tinreamh ag ár gcluichí ag méadú le linn na bliana, agus dá bharr bhí méadú san ioncam óna comórtais, agus tréaslaimid agus gabhaimid buíochas leis na daoine ar fad a rinne freastal ar ár gcluichí. Bhí tionchar shuntasach ag luach íslithe an Euro ar bheartaíochtaí euro agus sterling. Leanadh ar aghaidh le margaíocht a dhéanamh ar ár gcluichí, agus dá bharr chonacthas méadú i líon na dticéid a díoladh ar an idirlíon, rud a thug deis do dhaoine ticéid a cheannacht roimh reidh trínar n-aonaid nó tríd tickets.ie nó ó leithidí Grúpa Musgrave. Tá muid ag feiceáil anois go bhfuil borradh ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta agus leanfaidh muid orainn lenár bhfeachtais margaíocht dár gcluichí, ag obair dár bpobail,agus béimid páireach i dtodhchaí ár dtíre agus inár nDiaspóra. Leanfaimid orainn ag tacú le forbairt pobail agus mar pháirt de sin beidh muid ag infheistiú inár gcluichí, forbairt ár gcluichí agus forbairt fhisiciúil.

Gabhaim buíochas leis na maoir ar fad óna contaetha, na hoifigigh foirne agus baill Chomhairle Uladh a thacaigh linn i mbliana le clár cuimsitheach cluichí a sholathár. Gan a dtacaíocht ní bheadh sé ar ár gcumas ionchur chomh mór a bheith again i ngach gné de chlár na gcluichí. Aithníonn muid a ndíograis agus a dtiomantas a thug siad go fial flaithiúil le linn na bliana, agus gabhaimid buíochas leo. Déanann siad uilig an obair seo go deonach, agus san áireamh tá go leor dár mbaill foirne, a mbíonn ról lárnach acu agus cluichí ar siúl. Is Oifigeach den chéad scoth é An Cisteoir, Oilibhear Ó Gealagáin, agus is duine iontach tiománta é a rinne obair mhór ar son Comhairle Uladh le linn na bliana. Bhí sé lánpháirteach inár ngnóthaí airgeadais agus thug sé cuidiú ollmhór do Chomhairle Uladh. Gabhaimid buíochas leis as a chuid oibre. Thug ár gCeannasaí Airgeadais agus Gnó, Michelle McAleer seirbhís luacmhar do Chomhairle Uladh, agus í ag plé le obair a bhí casta go leor le linn na bliana. Tréaslaím fosta le Brian Mallon as an tseirbhís a thug sé do Chomhairle Uladh, agus a chuaigh i mbun a chuid

dualgais i gcónaí le fuinneamh agus díograis. Ghlac Brian post úr le hArd Mhacha agus guímid ádh mór air ina chuid dualgais úra. Cuidíonn Paul Sanders le gníomhaíochtaí na rannóige agus coinníonn sé smacht ar ghnéithe áirithe de obair na rannóige airgeadais. Gabhaimid buíochas le foireann na rannóige ar fad agus iad i mbun ár gcúrsaí airgeadais agus gnéithe ábharacha eile.

## COMÓRTAISÍ CÚIGE

Bhain Muineachán corn an Anglo Celt in athuair in 2015 agus bhain Aontroim Corn Liam Harvey. B'iad Crois Mhic Lionnáin agus Ruairí Óg Cushendall a bhain Craobhacha na gClub i mbliana. Os rud é gur bh'éigean am breise a imirt san dá chluiche ceannais, léiríonn sin chomh iomaíoch agus atá craobh na gclubanna sa Chúige. Bhí bua ag Crois Mhic Lionnáin ar Bhaile an Scotaigh san chluiche ceannais os comhair slua de 8,000 duine i bPáirc na Lúthchleasaíochta in Ard Mhacha. Bhí bua stairiúil ag Ruairí Óg i ndiaidh am breise i gcoinne Sleacht Néill ag an ionad céanna. Lean an mhéadú ar líon na ndaoine ag freastal ar cluichí Chraobh Chlubanna Uladh, agus bhí sluaite móra ag na cluichí ceannais go háirithe.

Bhí Sraith Iománaíochta an Táin ar siúl in 2015 don ceathrú bliain. Bhí 24 foireann rannpháireach i mbliana, ó pháirteanna éagsúla den Chúige agus as Contae Lú. Bhí na cumainn as Cúige Chonnachta a bhí páirteach cheana féin, ag imirt i rannóg Chonnachta i mbliana. Bhí trí cinn de rannóga sa chomórtas. Bhain Coillidh Channáin (Ard Mhacha) Setanta (Dún na nGall) agus Seán MacCumhaill (Dún na nGall) Roinn 1, 2 agus 3 sa chomórtas. Maidir le Sraith Peile Chlubanna Uladh, bhí 41 cumann páirteach in 2015, le 14 foireann san rannóg sinsear agus 27 foireann san rannóg idirmheánach. Bhain Baile an Doire (Doire) agus an Ghallbhaile (Tír Eoghain) cluichí ceannais sinear agus idirmheánach, dhá cluiche a raibh scoth den choimhlint iontu. Rinne an comórtas seo iomaíocht agus coimhlint a sholathár dona rannpháirtithe ar fad, sular cuireadh tús le coimhlint ina gcontaetha féin.

Bhí trí cinn de ionadaithe ag Uladh i gCluichí Ceannais den tSraith Náisiúnta Peile. Bhí bua ag Ros Comáin ar An Dún i gcluiche ceannais Shraith Roinn 2, agus bhí bua ag Ard Mhacha ar Fhear Manach i gcluiche ceannais Shraith Roinn 3. Maidir leis an iománaíocht, bhí ionadaíocht againn i gcluichí ceannais Christy Ring, Nicky Rackard agus Lory Meagher. I gluiche ceannais Christy Ring, bhí bua ag Ciarraí ar Dhoire, 1-20 in aghaidh 0-12 agus chuaigh siad ar aghaidh le bua a fháil ar Aontroim i gcluiche cáilithe Liam McCarthy. Bhí díoma mór faoin toradh, rud a chiallaíonn go mbeidh Aontroim páirteach i gCorn Christy Ring i gcuideachta An Dún agus Doire in 2016. I gcluiche ceannais Nicky Rackard, d'íoc Ard Mhacha go daor as cúl a ligean isteach ag an bhomaite dheireanach le cailleadh i gcoinne Ros Comáin 2-12 in aghaidh 1-14. I gcluiche ceannais Lory Meagher, bhí bua ag Fear Manach ar Shligeach sa chluiche ceannais, 3-16 in aghaidh 1-17. Bhí siad go fóill faoi bhrón de bharr bás tragóideacha a gcomrádaí Shane Mulholland, agus ba dheas an omós a tháispeán siad dá theaghlach, agus comórtas náisiúnta a bhaint acu. Ar dheis Dé go raibh a anam. Sa mhullach ar sin bhí bua acu ar An Lú i gcluiche cáilithe Nicky Rackard , le bailchríoch a chur ar shéasúr a raibh toradh maith ar a gcuid saothair, agus cinntíodh go mbeidh siad ag imirt i ngrád níos airde in 2016.

San chéad chomórtas a bhí againn don bhliain seo, d'éirigh le Tír Eoghain Corn an Dr Mhic Cionnaith a bhaint arís, agus bua acu ar An Cabhán 1-13 in aghaidh 0-10. Bhí slua mór i láthair don chluiche ceannais i bPáirc na Lúthchleasaíochta. Gabhaim buíochas le Banc na hÉireann as urraíocht a dhéanamh ar an chomórtas, comórtas atá iontach tábhachtach i bhféilire Chomhairle Uladh.

## CRAOBH SHINSIR PEILE

Cuireadh tús le Craobh Shinsir Peile 2015 i bPáirc Sheáin Mhic Cumhaill, Bealach Féich ar an Domhnach an 17ú Bealtaine, áit ar chuir Dún na nGall fáilte roimh Thír Eoghain. Ba sár chluiche peile a bhí ann, agus d'éirigh le Dún na nGall teacht fríd sa deireadh, agus bhí bua de 1-13 in aghaidh 1-10 ag Dún na nGall. Seacht lá níos moille, i bPáirc Kingspan Breffni, le ruathar mall ó Mhuineachán, d'éirigh leo bua a fháil ar An Cabhán 0-16 in aghaidh 0-15. Ar an 31ú lá de Bhealtaine, tháispeán Fear Manach croí agus spiorad nuair a bhuail siad Aontroim 1-13 in aghaidh 0-08 i bPáirc Brewster. An Domhnach ina dhiaidh sin, fuair Doire bua ar an Dún i bPáirc na gCeilteach, 0-12 in aghaidh 0-11. San chluiche ceathrú ceannais deiridh i gCraobh Shinsir Peile Uladh, thug Dún na nGall sár tháispeántas peile i gcoinne Ard Mhacha i bPáirc na Lúthchleasaíochta, agus bhí bua acu 2-11 in aghaidh 0-08.

San chéad chluiche leathcheannais, chríochnaigh Muineachán go láidir san ceathrú deireanach i gcoinne Fhear Manach i bPáirc Kingspan Breffni, agus chinntigh cúl ó Conor McManus go rachadh siad ar aghaidh go cluiche ceannais Uladh. An Dé Sathairn ina dhiaidh sin, i bPáirc Thiarnach Naofa, chuir cúl cinniúnach ó Martin O'Reilly Dún na nGall fríd go cluiche ceannais Uladh don cúigiú bliain as a chéile, agus bua acu ar Dhoire, 1-09 in aghaidh 0-09.

Imríodh an cluiche ceannais trí seachtainí ina dhiaidh sin nuair a chas Dún na nGall agus Muineachán ar a chéle i bPáirc Thiarnach Naofa, Cluain Eois, ar a Domhnach an 19ú Iúil. Bhí 31,997 duine i láthair ag an chluiche ceannais. Rinneadh bronnadh ar churaidh Chraobh Peile Uladh 25 bliain ó shin, Dún na nGall, ar an lá. Le cois aitheantas a thabhairt do fhoirne buacacha san am a chuaigh thart, táispeántais peile ó Chumann na mBunscol, bannaí ceoil, agus na cluichí mionúir agus sinsir, is lá mór de cheiliúradh é lá Chluiche Ceannais Uladh ar ár n-eagraíocht i gCúige Uladh. Bhí coimhlint mhór idir dhá fhoireann bhreátha, agus coimhlint ghéar ann go dtí'n deireadh. Bhí cosúlacht go raibh Muineachán níos ocraí ag lorg scóranna, agus d'éirigh leo sa deireadh, 0-11 in aghaidh 0-10. Ba deas an radharc lucht leanúna Mhuineachán ag ceiliúradh a mbua agus é tuillte go maith acu.

## CRAOBH PEILE na hÉIREANN

Thosaigh feachtas Chraobh Peile na hÉireann de ionadaithe Uladh ar an 20ú lá de Mheitheamh do An Cabhán agus Aontroim agus iad beirt ag imirt as baile. Thaisteal an Cabhán go

Ruislip agus bhuail siad Londain 2-22 in aghaidh 0-11. Tháinig mór iontas na gcluichí cáilithei bPort Laoise nuair a bhuail Aontroim Laois, i ndiaidh críoch láidir, 2-15 in aghaidh 1-16.

An tseachtain ina dhiaidh sin, bhí trí cinn dár gcontaethe i mbun coimhlinte. Bhí bua sa bhaile ag Ard Mhacha agus Tír Eoghain in éadan Chill Mhantáin agus Luimneach. Ar an droch uair, tháinig deireadh le feachtas An Dúin nuair a chaill siad i gcoinne Ros Comáin 2-16 i gcoinne 2-11 i Loch Garmán. Sé lá níos moille, bhuail Ros Comáin An Cabhán sa bhaile, 3-16 in aghaidh 1-17 i bPáirc Kingspan Breffni. Lá arna mhárach, chas Fear Manach agus Aontroim ar a chéile arís i bPáirc Brewster, le toradh mar an gcéanna, agus ba trí phointe dhéag a bhí eatarthu an iarraidh seo.

Ar an 11ú lá de Iúil, fuair Doire an ceann is fearr ar Loch Garmán san Abhainn Bheag agus fuair Tír Eoghain bua de dhá phointe ar An Mhí i bPáirc Uí Éallaithe. Ceithre huaire fichead níos moille, cuireadh deireadh le feachtas Ard Mhacha nuair a fuair Gaillimh bua orthu i bPáirc na Lúthchleasaíochta, 1-12 in aghaidh 0-12. Ag an am céanna, thug Fear Manach sár thaispeántas agus fuair siad bua ar Ros Comáin, 1-14 in aghaidh 0-16 in sár chluiche peile i bPáirc Brewster. I mbabhta a 3, thaisteal Tír Eoghain go Tiobrad Árainn agus bhí bua éasca acu, agus bhuail Gaillimh Doire. I mbabhta 4, choinnigh Fear Manach ag cur dlús lena bhfeachtas agus bhí bua acu ar an Iar Mhí i bPáirc Kingspan Breffni, agus d'éirigh le Tír Eoghain an láimh in uachtar a fháil ar Shligeach i bPáirc an Chrócaigh. Fuair Dún na nGall láimh in uachtar ar Ghaillimh i bPáirc an Chrócaigh an lá céanna, 3-12 in aghaidh 0-11.

Lá arna mhárach ní raibh duine ná deoraí fágtha i gcontae na hÉirne mar go raibh siad ar fad sa phríomhchathair dá gcluiche ceathrú ceannais i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Bíodh is gur léirigh siad an spiorad agus an croí céanna a thug fhad leis an chluiche ceathrú ceannais iad, agus gur imir siad sár chluiche, bhí bua ag curaidh Chúige Laighean orthu sa deireadh, 2-23 in aghaidh 2-15.

Sna cluichí ceathrú ceannais eile, bhí curaidh Chúige Uladh, Muineachán i gcoinne na comharsan, Tír Eoghain. Rinne contae Uí Néill smacht a ghlacadh ar chuid mhaith den chluiche agus bhí bua acu 0-18 in aghaidh 0-14. San chluiche eile, chas Dún na nGall agus curaidh Chonnacha, Maigh Eo ar a chéile.. Ar an droch uair bhí Maigh Eo ró láidir ar an lá agus bhí bua acu 2-11 in aghaidh 0-08. Chuir cluichí leathcheannais na hÉireann ar an Domhnach an 24ú Lúnasa deireadh le ionchur fhoirne Uladh sa chomórtas. Bhí Ciarraí níos éifeachtaí ar an lá i gcoinne Thír Eoghain, cé gur léirigh Tír Eoghain cumas iontach agus iad ag dul ar aghaidh san chomórtas. Bhí bua 0-18 in aghaidh 1-11 ag Ciarraí ar Thír Eoghain.

Maidir le Réalta Peile CLG / GPA 2015 déanaim comhghairdeachas le beirt Chúige Uladh ar bronnadh gradaim orthu, Conor McManus (Muineachán) agus Mattie Donnelly (Tír Eoghain). Tréaslaím fosta le imreoirí ón Chúige ar bronnadh gradaim orthu i gcomórtais Ring, Rackard agus Meagher, ar an oíche céanna.

## CRAOBH MIONÚIR PEILE

Tá Craobh mionúir peile Uladh chomh spreagúil agus chomh siamsúil agus a bhí riamh. Tá na cluichí oiriúnach go maith mar réamhthaispeántais dár gcluichí craoibhe agus bhí bliain iontach eile againn leis an Chraobh Mionúir Peile in 2015. San réamhbhabhta, bhuail Dún na nGall Tír Eoghain 1-11 in aghaidh 0-08. Sna babhtaí ceathrú ceannais bhí buanna ag An Cabhán, Aointroim, Dún na nGall agus Doire. Sna cluichí leathcheannais, bhuail An Cabhán Aontroim 1-19 in aghaidh 1-11 agus bhuail Doire curaidh na bliana anuraidh, Dún na nGall, 0-11 in aghaidh 0-10 i bPáirc Thiarnach Naofa.

Chas Doire agus An Cabhán ar a chéile sa chluiche ceannais, rud a d'fhág






go raibh ceithre cinn dár gcontaetha páirteach i gCluichí Ceannais Uladh, le Dún na nGall agus Muineachán san chluiche ceanais sinsir. Bhí lámh in uachtar ag Doire ar feadh an chuid is mó den chluiche agus bhí bua acu sa deireadh, 1-11 in aghaidh 0-11 agus bronnadh Corn Fr Murray orthu dá bharr. Comhghairdeas le Doire as a mbua, agus é tuillte go maith acu.

I gcluicí ceathrú ceannais na hÉireann, bhuail foireann láidir Chill Dara An Cabhán san Uaimh, 2-14 in aghaidh2-12. Bhí táispeántas láidir sa dara leath ag teastáil ó Dhoire le bua a fháil ar Longfort i bPáirc Brewster,i ndiaidh daofa péire de chúil  a ligean isteach san chéad leath. Bhí bua acu sa deireadh, 0-12 in aghaidh 2-04. Ar an Domhnach an 23ú Lúnasa, bhuail na curaidh reatha, Ciarraí na hUltaigh, Doire, i bPáirc an Chrócagh, 1-11 in aghaidh 1-06.

## CRAOBH PEILE FAOI 21

Tá an chraobh peile seo ag dul ó neart go neart agus na cluichí a n-imirt oíche Chéadaoine, nuair nach mbíonn tionchar aige ar thraenáil agus contaetha ag ullmhú don tSraith Náisiúnta Peile, agus is cosúil go bhfóireann  sceideal na gcluichí dár lucht leanta fosta. San réamhbhabhta ar an Chéadaoin an 11ú Márta, bhí bua ag Doire ar An Dún 2-11 in aghaidh 1-11 i bPáirc na gCeilteach. Ar an Chéadaoin an 18ú Márta imríodh na ceithre cinn de chluichí ceathrú ceannais, agus bhí ag bua ag na foirne baile ar fad, Tír Eoghain, Dún na nGall, Muineachán agus Ard Mhacha. Sna cluichí leathcheanais bhí bua ag Dún na nGall ar Mhuineachá i bPáirc Uí Éallaithe, agus bhí bua agTír Eoghain ar Ard Mhacha i bPáirc Kingspan Breffni. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hArd Mhacha agus le Tír Eoghain a thaisteal go dtí'n Cabhán, agus gan faighte acu ach fógra gairid, nuair a fógraíodh nach bhféafaí an cluiche imirt ar Pháirc Brewster.

An tseachtain ina dhiaidh sin, bhí sár chluiche peile idir Tír Eoghain agus Dún na nGall os comhair slua mór i bPáirc na gCeilteach. Bhí bua ag Tír Eoghain sa deireadh agus gan eadarthu ach aon phointe amháin, 1-11 in aghaidh 0-13.  I ndiaidh daofa a gcéad chraobh Uladh a bhaint sa chomórtas seo ón bhliain 2006, chuaigh Tír Eoghain ar agaidh go dtí'n comórtas Uile Éireann. D'imir siad go maith i gcoinne curaidh Chonnachta, Ros Comáin san chluiche leathcheannais.Sa chluiche ceannais, a himríodh i ndroch choinníollacha i bPáirc Parnell, fuair Tír Eoghain an ceann is fearr ar Thiobrad Árainn agus bhí a mbua agus corn eile Uile Éireann tuillte go maith acu. Ba éacht mhór a mbua agus déanaim comhgairdeas leo.

## CRAOBH PEILE na gCLUBANNA

Tá tarraingt mhór i gcónaí ar chluichí i gCraobh Chlubanna Chúige Uladh, agus os rud é go bhfuil gné áitiúil ag baint leis an chomórtas, tá deiseanna ag gach club imirt ar ár bpáirceanna aitheanta ar fud na Cúige, agus fiú ar Pháirc an Chrócaigh. San réamhbhabhta bhí bua furast ag na curaidh reatha Sleacht Néill ar Doire Ó gConaile . Sna babhtaí ceathrú ceannais, bhí bua ag Trí Leac, Baile an Scotaigh, Crois Mhic Lionnáin agus Cill Chua.

San bhabhta leathcheannais, bhí bua ag Baile an Scotaigh ar Trí Leac, 2-09 in aghaidh 2-07 i bPáirc Brewster. San chluiche eile, bhí Crois Mhic Lionnáin ró láidir ag Chill Chua, agus bhí bua acu i bPáirc Esler, 0-12 in aghaidh 0-08. I gcluiche ceannais Uladh, imríodh sár chluiche peile idir Crois Mhic Lionnáin agus Baile an Scotaigh i bPáirc na Lúthchleasaíochta os comhair slua

de 8,600. Bhí gá le am breise leis na foirne a scarúint óna chéile, agus ba cúl cinniúach do churaidh Ard Mhacha ó Kyle Carragher a rinne an difir. Bhí an bua ag Crois Mhic Lionnáin, 2-17 in aghaidh 2-12.

Bhí Craobh Chlubanna Chúige Uladh go hiontach ar fad i mbliana, agus bhí go leor sár chluichí peile le linn an chomórtais. Imríodh na cluichí ceannais sinsir agus sóisir lena chéile i bPáirc na Lúthchleasaíochta, agus ba críoch láidir é ar na himeachtaí ar pháirceanna peile don bhliain.

Bhí coimhlint ghéar i mbliana i gCraobh Idirmheánach Chlubanna Chúige Uladh. San réamhbhabhta bhí bua ag Loch an Oileáin ar churaidh Dhoire, An Loch Glas. Sna babhtaí ceathrú ceannais, bhí buanna ag Lann Abhaigh, Bun Dobhráin (Am Breise) Dúthamhlacht (Am Breise) agus Loch an Oileáin. Sna cluichí leathcheannais bhí bua éasca go leor ar Loch an Oileáin agus ag Bun Dobhráin. Chas an dá fhoireann sin ar a chéile sa chluiche ceannais san Abhainn Bheag, agus cé nach raibh an aimsir thar mholadh beirte, bhí an pheil go hiontach ar fad, agus ba na cúil a fuair Loch an Oileáin a bhain an cluiche sa deireadh. An scór Loch an Oileáin 4-01, Bun Dobhráin 0-07.

Bhí Fear Manach ar ais arís i gCraobh Shóisear na gClubanna Chúige Uladh, agus dá bharr bhí naoi gcinn de fhoirne páirteach sa chomórtas seo. Bhain buaiteoirí Fhear Manach, An Cuach, an réamhbhabhta i gcoinne Tulaigh Sháráin. Sna cluichí ceathrú ceannais, bhí buanna ag Teampall an Phoirt, An Ghlas Dromainn, Buíochar agus An Fhuachonbháil. Sna cluichí leathcheannais bhí bua ag Buíochar agus An Fhuachonbháil. Imríodh an cluiche ceannais sóisear i bPáirc na Lúthchleasaíochta agus ba ar fhoireann Buíochar a bronnadh Corn Paul Kerr, de bharr a mbua 3-10 in aghaidh 0-09.

## CRAOBH CHLUBANNA na hÉIREANN

Bhí sár chluiche idir Sleacht Néill agus Na Stacaigh ar a 15ú Feabhra agus bhí an bhua ag Sleacht Néill i bPort Laoise 1-14 in aghaidh 2-10. Bhí áit bainte amach acu i gcluiche ceannais na hÉireann don chéad uair riamh. Ar Lá Fhéile Pádraig rinne Sleacht Néill ionadaíocht dá gcontae agus dá gCúige. Ar an droch uair bhí Cora Finne ró láidir acu agus fuair siad lámh in uachtar ar fhir Dhoire,1-14 in aghaih 0-07.

I gcraobh idirmheánach na gClubanna casadh Ard Fhearta ar Chuman Pheadar Naofa i bPort Laoise, agus ní rabh eadarthu ach aon phointe amháin, agus bua ag Ard Fhearta 1-08 in aghaidh 0-10. I ngrád na sóisear, buaileadh An Charraig fosta san bhabta leathcheannais, i gcluiche athimeartha, nuair a bhuail Brosna iad i mBéal Átha na Sluaigh, 1-08 in aghaidh 0-07.

## CRAOBH SHINSIR IOMANAÍOCHTA

Cúig chontae a ghlac páirt sa chomórtas in 2015 agus bhí cead ar aghaidh gan imirt ag Aontroim arís i mbliana go Cluiche Ceannais Uladh. Imríodh na cluichí ceathrú ceannais ar an 21ú Meitheamh, agus bhuail Doire Dún na nGall, 3-17 in aghaidh 5-07 i bPáirc na gCeilteach. Imríodh an cluiche eile ceathrú ceannais ar Pháirc na Lúthchleasaíochta agus bhí bua furast ag An Dún ar Ard Mhacha, 5-20 in aghaidh 3-14.

Casadh Doire agus An Dún ar a chéile sa chluiche leathcheannais san Abhainn Bheag ar an Domhnach an 28ú Meitheamh, agus bhí bua ag fir chontae an Dúin, 3-16 in aghaidh 1-07. Imríodh cluiche ceannais sinsir iomanaíochta Uladh 2015 ar an Abhainn Bheag os comhair slua mór. Chríochnaigh Aontroim go láidir agus ba orthu a bronnadh Corn Liam Harvey i ndiaidh a mbua 1-15 in aghaidh 1-14 ar an Dún. Comhghairdeas leo.

## CRAOBH IOMANAÍOCHA na hÉIREANN

Bhí Aontroim rannpháirteach arís i mbliana i gCraobh Iomanaíocht Laighean. Thosaigh siad go maith le bua mór, 5-17 in aghaidh 3-22 in éadan Laois, bua a thug uchtach agus misneach daofa. Chaill siad cluichí i gconne an Iar Mhí agus Ceatharlach agus chur sin deireadh lena bhfeachtas sa chomórtas. Chaill siad cluiche cáilithe i gcoinne Chiarraí, 2-16 in aghaidh 1-18 agus dá bharr rinneadh iad a dhícháiliú go Corn Christy Ring do 2016. Ba ábhar mór díoma é sin, ach beidh deis acu díriú ar pilleadh ar ais go dtí'n grád is airde don bhliain 2017.

I gCorn Christy Ring, b'iad Doire agus An Dún ionadaithe Chúige Uladh. Bhuail Doire An Dún san chluiche leathcheannais ar an Abhainn Bheag 0-23 in aghaidh 2-12 agus bhain siad áit amach san chluiche ceannais. Bhí foireann láidir Chiarraí ina gcoinne sa chluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh, agus bhí bua ag Ciarraí 1-20 in aghaidh 0-12.

Bhí Ard Mhacha, Dún na nGall, Muineachán agus Tír Eoghain mar ionadaithe Chúige Uladh i gcomórtas Nicky Rackard. Bhuail Muineachán Longford sular bhuail Dún na nGall agus Ros Comáin iad. Cuireadh Dún na nGall agus Tír Eoghain as an rása sna babhtaí leathcheannais, nuair a fuair Ard Mhacha agus Ros Comáin bua orthu. Sa chluiche ceannais fuair Ros Comáin cúl ag deireadh an chluiche le lámh in uachtar a fháil ar Ard Mhacha.

I gcorn Lory Meagher, b'iad Fear Manach an t-aon ionadaí a bhí ag Cúige Uladh sa chomórtas. I ndiaidh daofa cailliúint sna cluichí ceannais in 2012 agus 2014, bhain Fear Manach áit amach arís sa chluiche ceannais i mbliana. Ar a 6ú Meitheamh 215, thug Fear Manach sár tháispeántas iomanaíochta sa chluiche ceannais, agus fuair siad an ceann is fearr ar Shligeach. Ba aitheantas é seo dá n-imreoir Sane Mulholland a fuair bás le linn na bliana, agus tá muid ar fad iontach bródúil as na héachtaí a rinne fir na hÉirne i gcuimhne ar Shane. Comhghairdeas leo as a gCraobh Uile Éireann.

## CRAOBH MIONÚIR IOMANAÍOCHTA

Ghlac cúig chontae páirt i gCraobh Mionúir Iomanaíochta Uladh in 2015. San chluiche ceathrú ceannais, bhí bua furast ag Doire ar Dhún na nGall, 6-18 in aghaidh 2-05. Imríodh na cluichí leathcheannais ar an Abhainn Bheag agus bhí bua éasca ag Aontroim agus Doire ar Ard Mhacha agus An Dún. Coicís níos moille casadh Aontroim agus Doire ar a chéile sa chluiche ceannais ag An Abhainn Bheag. Thug

Aontroim táispeántas láidir agus bhí bua acu 2-20 in aghaidh 0-09. Comhghairdeas le Aontroim. I gcluiche ceathrú ceannais na hÉireann bhuail Baile Átha Cliath Aontroim, 2-22 in aghaidh 2-11 ag Páirc Kingspan Breffni. Mar chríoch leis an achoimre seo ar chúrsaí iomanaíochta ag an ghrád seo déanaim comhghairdeas le Tír Eoghain a bhain corn Mionúr C na hÉireann i ndiaidh a mbua ar Mhaigh Eo i ndiaidh athimirt den chluiche ceannais.

## CRAOBH IOMANAÍOCHTA FAOI 21 ULADH

Bhí ceithre chontae páirteach sa chomórtas seo in 2015. Bhí bua cuimsitheach ag Aontroim ar Ard Mhacha agus bhí bua ag Doire ar an Dún sna cluichí leathcheannais Bhí an bhua ag Aontroim ar Dhoire sa chluiche ceannais, 1-19 in aghaidh 0-17. Casadh Loch Garmán ar Aontroim ina dhiaidh sin, agus bhí bua ag curaidh Laighean ar Aontroim, 1-20 in aghaidh 1-08.

## CRAOBHACH IOMÁNAÍOCTA na hÉIREANN na gCLUBANNA

Bhí scoth na gcluichí againn i gCraobh Iomanaíochta Chlubanna Uladh. San bhabhta ceathrú ceannais, bhuail An Baile Láir Lios Béal Átha 0-19 in aghaidh 2-10. Sna cluichí leathcheannais, bhuail Sleacht Néill Ballycran i nDún Geanann agus b'éigean do Ruairí Óg táispeántas láidir a thabhairt sa dara leath le lámh in uachtar ar fháil ar An Baile Láir. Imríodh an cluiche ceannais i gcomhair le cluiche ceannais camógaíochta , agus bhí sár chluichí ar an lá. Bhí am breise ag teastáil agus bhain Ruairí Óg sa deireadh, 1-24 i gconne 3-16 i bPáirc na Lúthchleasaíochta. Éacht ar dóigh déanta ag Ruairí Óg.

San chraobh idirmheánach iomanaíochta, bhí an bhua ag Kickhams Creggan ag An Abhainn Bheag i ndiaidh daofa bua a bheith acu ar Bhaile na Lorgan, Beart agus Éire Óg. San chluiche ceannais sóisir, bhí bua ag Eoghan Rua, Cúl Raithin ar Ballela ag An Abhainn Bheag.

## CRAOBH CHLUBANNA IOMANAÍOCHTA na hÉIREANN

Ba Port an Pheire ionadaithe Uladh i gcraobh Chlubanna Iomanaíochta na hÉireann in 2015. I gcluiche leathcheannais na hÉireann ar an 7ú Feabhra, has siad ar Cill Mológ i bPáirc Esler. Ar an droch uair bhí Cill Mológ ró láidir do Port an Pheire, agus bhí bua de 2-17 in aghaidh 0-12 acu ar churaidh Uladh.

I ndiaidh daofa Craobh Uladh a bhaint i mí Dheireadh Fómhair, rinne O'Donnabháin Rosa ionadaíocht de Uladh i gcraobh Chlubanna Iomanaíochta na hÉireann. Ar an 25ú Eanáir fuair siad bua ar Ceapach Choinn le áit a bhaint amach i gcluiche ceannais na hÉireann. Ar an 15ú Feabhra i bPáirc an Chrócaigh, d'éirigh le O' Donnabháin Rosa cluiche ceannais na hÉireann a bhaint i ndiaidh a mbua ar Ghaeil Chill Bhriain, leis an scór 1-09 in aghaidh 2-03. Comhghairdeas leo as a mbua.

I ngrád na sóisear, bhí bua ag Gaeil Fullen ar Bhaile na Lorgan leis an scór 2-18 in aghaidh 1-07 i bPáirc Parnell, Baile Átha Cliath.

## CRAOBHACHA IDIR CHÚIGE

Bhí na Craobhacha Idir Chúige san iomanaíocht agus sa pheil ar chlár na gcluichí arís in 2015. Bhí lúcháir mhór orainn i gCúige Uladh go raibh na cluichí seo san áireamh ar chlár na gcluichí. Ar an droch uair, chuir Stoirm Desmond bac ar aon chluichí a bheith ar siúl ar an deireadh seachtaine an 5ú agus an 6ú Nollaig. Agus an tuarascáil seo a chur i gcló, tá an CCCC ag scrúdú dátaí go luath in 2016 leis an comórtas tábhachtach seo a reachtáil.

## COMHAIRLE CÚIGE

Ba ócáid thábhachtach a bhí ann Féile na nGael a reachtáil sa Chúige. Gabhaim buíochas leis na cumainn, na contaetha agus baill Chomhairle Uladh a chuidigh an comórtas seo a reachtáil. Bhí ról thábhachtach ag coiste Féile na nGael, go háirithe Míchéal Ó hOsáin agus Jimmy Darragh, agus tréaslaím leo as a gcuid oibre. Tá go leor fóchoistí agus teaghlaigh a chur lóistín ar fáil a rinne sár obair lena chinntiú gur éirí go maith le Féile na nGael, agus léirigh siad go bhfuil béim faoi leith ar an chomórtas seo i gCúige Uladh. Tá an obair ag leanstan ar aghaidh maidir le togra athghiniúint Pháirc Mhic Easmain, agus tá próiseas chomhairleach ar bun i láthair na huaire, agus é mar sprioc go ndéanfar iarratas pleanála don dara iarraidh. Caithfear a rá in athuair go bhfuil duine dena saineolaithe is fearr atá ar fáil maidir le dearadh staidiam, Mott McDonald, ag obair ar an dearadh dúinn agus tá muid sásta go bhfuil gach rud atá a lorg uainn, a dhéanamh againn. Tá an athbhreithniú ar achan ghné den chás mar chroí lár ár gcuid oibre le bliain, agus tá muid iontach dairíre faoina gnéithe ar fad, agus na rudaí ar fad a bheas os ár gcomhair sa todhchaí.

Is é Tomás Ó Dálaigh atá i mbun stiúir ar an Bhord Tionscnaimh, agus foireann an staidiam, agus cúrsaí a láimhseáil acu ar fad go dtí'n caighdeán is airde. Le linn na bliana, d'éirigh Seán Ó Raghallaigh as a chuid dualgais agus gabhaimid buíochas leis as a chuid oibre thar tréimhse fada. Tá muid go fóill tiomanta agus muid ag iarraidh an togra seo a thabhairt chun foirfeachta, mar sprioc lárnach atá leagtha síos i dTuarascáil Athbhreithnithe an Choiste Straitéiseach 2002 agus i dtuarascálacha ar nós Clár Oibre Rialtais, ina bhfuil tagairtí de riachtanais straitéiseach trí eagraíocht spóirt, an CLG san áireamh. Tá beirt bhall sheactrach ainmnithe ar Bhord Thionscnaimh an Staidiam, agus ba cheart go mbeadh buntaistí as an saineolas atá ag John McCole agus Michael McGuckin sna míonna dúshlánacha atá romhainn.

Tá sár obair déanta ag Oifigigh agus baill Chomhairle Uladh le bliain agus tá an obair sin ag leanstan ar aghaidh. Bhí na daoine a raibh dualgais orthu ar na fóchoistí ag obair go dícheallach ar mhaithe le cur chun cinn na heagraíochta sa Chúige, agus tá buíochas mór tuillte acu. Chinntigh foireann Chomhairle Uladh go bhfuil muid ag baint amach na spriocanna agus ag sárú cibé dúshláin a chuirtear romhainn agus ag an am céanna ag cuir tacaíocht ar fáil dona haonaid atá faoinár gcúram agus ár mbaill. Tá muid go mór faoi chomaoin ag an Uachtarán Máirtín Mac Aibhne as an cheannaireacht atá a thabhairt aige,agus bhí sé go hiomlán dírithe ar obair Chomhairle Uladh agus ar chur chun cinn na heagraíochta sa Chúige.

Thug sé a chuid ama go fial flaithiúil agus go flúirseach. Rinne sé ionadaíocht don Chúige ag leibheál náisiúnta agus bhí sé mar bhall de Choiste Náisiúnta Bainistíochta agus den Ard Chomhairle. Rinne sé ionadaíocht do Chúige Uladh ag leibhéil éagsúla agus ag ócáid agus ag imeachtaí éagsúla agus tháispeain agus léirigh sé ceannaireacht agus ceannasíocht i gcónaí ar eagraíocht bhríomhar agus muiníneach. Gabhaimid buíochas le Máirtín as a chuid oibre don eagraíocht agus as an tacaíocht dár n-imeachtaí ar fud na Cúige.

Bhí páirt thábhachtach ag an Leas Uachtarán, Míchéal Ó hOsáin in imeachtaí Chomhairle Uladh. Thug sé a chuid ama go flaithiúil agus bhí ról lárnach aige i ngnóthaí riaracháin na heagraíochta. Tá sé mar Chathaoirleach ar an Choiste Forbartha Iomána, agus fosta ar Choiste Feidhmiúcháin Féile na nGael. Chinntigh sé gur dearnadh freastal ar mhianta na hiomána, san áireamh bhí an comórtas  sraithe an Táin, ar leanadh ar aghaidh leis. Lean sé air mar Chathaoirleach ar an Choiste Iomlánú agus d'obair sé go dian lena cinntiú go leanfaí ar aghaidh leis an obair maidir le cúrsaí iomlánú. Gabaimid buíochas leis as a chuid oibre.

Bhí an Cisteoir Oileabhar Ó Gealagáin iontach gnóthach san ról atá aige i mbliana, agus thug sé tacaíocht ollmhór don Chomhairle, go háirithe gnéithe a bhain le cúrsaí airgeadais na Comhairle. Bhí sé mar bhall den Choiste Airgeadais agus rinne an coiste sin obair mhaith lena chinntiú go raibh cúrsaí airgeadais a láimhseáil mar is ceart don Chomhairle agus dona Contaetha. Tá buíochas mór tuillte ag Oileabhar as an méid atá déanta aigear son Comhairle Uladh.

Chinntigh ár nOifigeach Caidrimh Poiblí Séán Ó Conghaile go gcuirtear an obair atá ar bun againn os comhair na meáin chumarsáide. Rinne sé a chuid dualgais a láimhseáil go héifeachtach agus d'eisigh sé go leor ráitis ar ghnóthaí agus ar chúrsaí éagsúla maidir le obair Chomhairle Uladh. Rinne sé obair fosta le margaíocht a dhéanamh ar na cluichí atá faoinár gcúram, agus bhain sé lán úsáid as na meáin nua aimseartha lenár dteachtaireachtaí a chraobhscaoileadh. Gabhaimid buíochas le Seán as an obair a rinne sé.

Thug baill Chomhairle Uladh seirbhís luachmhar don eagraíocht sa Chúige ar feadh na bliana. Trína n-iarrachtaí, chuir siad seirbhís luachmhar ar fáil le tacú le obair CLG in Uladh. Thug siad seirbhís den scoth agus iad ag freastal ar choistí agus ar fho choistí lenár ngnóthaí a reachtáil, le cois an fhreastal a rinne siad ar choistí náisiúnta. Chuidigh siad fosta cúrsaí a reachtáil agus cluichí ar siúl. Tugaimid aitheantas don obair a rinne baill an Chomhairle agus an tacaíocht a thug siad ar feadh na bliana. Gabhaimid buíochas leis na baill atá ag fágáil Comhairle Uladh ag an Chomhdháil bliantúil seo, agus tréaslaímid le Danny McLernon, Patsy Mullan, Aodh Máirtín Ó Fearraigh, William James Smyth agus Gerry Duffy. Rinne siad uilig ionadaíocht den scoth dá gcontaetha agus guímid ádh mór orthu san todhchaí agus iad ag feidhmiú ar son CLG.  Gabhaimid buíochas leo ar son Comhairle Uladh agus tá  fhios againn go leanfaidh siad orthu ag obair ar son na heagraíochta sna blianta atá romhainn.

## FORBAIRT CLUBANNA

Rinneadh leasaithe ar achan ghné de Club Maith le bliain. Athraíodh an portfolio le athraithe sna cláracha CLG a chur sa chuntas, go háirithe maidir le Sláinte agus Folláine, earcú oibrithe deonacha, cúrsaí cóitseála agus oiliúna agus forbairt cluichí . Mar pháirt den uasghrádú a rinneadh, rinneadh athbhreithniú ar an suíomh idirlín agus na hacmhainní tacaíochta agus tá siad sin ar fad suas chun dáta anois. Aithníonn clubanna Club Maith mar dhóig le forbairt a dhéanamh ar a gclubanna, agus tá úsáid leitheadach a bhaint as. Tá ról thábhachtach ag áisitheoirí Club Maith agus cigireacht a dhéanamh acu ar chlubanna. Cuireadh traenáil agus oiliúint ar fáil dona háisitheoirí i mbliana.

Tá Clár Pleanáil Clubanna lárnach sa phróiséas le cuidiú le clubanna pleanáil agus ullmhú don todhchaí. Tá an clár



a chur ar fáil fríd CLG Uladh agus Oifigigh Forbartha na gcontaetha. Tá daoine oillte mar Pleanalaí Club in achan chontae agus iad ar fáil le cuidiú le clubanna dhul i dtaithí ar an chlár. Is doiciméid thábhachtach Plean Forbartha Clubanna  d'aon chlub. Leanfar ar aghaidh leis an chlár oibre seo in 2016.

Tá sé mar aidhm ag an Chlár Traenála Oifigigh Clubanna an t-eolas riachtanach ar fad a theastaíonn ó oifigigh don chéad bhliain eile a sholathár. In 2015 bhí dhá cheardlann a bhí éigeantach: Cosaint Leanaí agus Sláinte agus Folláine. Tugadh treoir do chonaetha ansin trí cinn eile de cheardlanna a roghnú as 24 ceardlann. Roghaníodh iad sin ó sé cinn de théamaí; forbairt clubanna, riarachán, cumarsáid, forbairt oibrithe deonacha, cultúr agus teanga. Cuireadh traenáil ar fáil do 644 Oifigeach ag 50 ceardlann le linn 2015.

Tá CLG Uladh bródúil gur éirigh linn aitheantas a fháil maidir leis an infheistíocht a dhéanann muid in oibrithe deonacha. Cuireann an gradam seo an fócas ar na polasaith atá againn dírithe ar oibrithe deonacha. Is iad daoine deonacha atá freagrach as CLG Uladh a reachtáil, le foireann san oifig ag tacú leo, ach is iad na hoibrithe deonacha a dhéanann na cinnithe agus an plean don todhchaí don eagraíocht sa Chúige. Tá sé tábhachtach go mbeidh polasaithe láidre againn dírithe ar dheonachas, agus is ábhar mór bróid gur bhain muid an gradam seo. Gabhaim buíochas leis na hoibrithe deonach ar fad atá ag obair son Comhairle Uladh agus daofa sin a ghlac páirt san phróiseás cigireachta don ghradam.

Tá Rannóg Pobail Chomhairle Uladh ag ullmhú clár úr Ceannasaíohta do oibrithe deonacha ag leibheál club i láthair na huaire, agus beidh sé seo a sholathár i mí Feabhra agus Márta. "Elveate Award" a bheidh mar theideal ar an chlár úr, agus bhéarfar deis do chlubanna agus do dhaoine aonaracha díriú ar ocht gcinn de phríomh théamaí; Ceannasaíocht, Bainistíocht, Pleanáil do Chlubanna, Margaíocht, Bainistiú Airgeadais, Bailiú Airgid, Tograí Caipitil agus Páirtnéireachtaí. Tá daoine oillte earcaithe ar fud na Cúige le cuidiú an clár oibre seo a sholathár. Tá sé mar sprioc go gcuideoidh an clár breise seo leis na hoibrithe deonacha agus mar thoradh ar sin go mbeidh clubanna níos láidre sa chúige.
Tá Comhairle Uladh i measc dhá eagraíocht spóirt sa Chúige a fuair gradam comhionannais, The Equality Standard: A Framework for Sport in 2015. Léiríonn an gradam seo an méid oibre atá déanta ag Comhairle Uladh maidir le cúrsaí comhionannais.

Tá ionadaíocht go fóill ag Comhairle Uladh i ngrúpa oibre Sport For Change atá freagrach as imeachtaí Game Of Three Halves a eagrú. Bhí an Belfast Interface ar siúl ón 20ú-31ú Iúil agus bhí breis agus céad páiste páirteach ann i Halla Ollscoil na Ríona.

## GNÍOMHAÍOCHT LE FA na hÉIREANN AGUS RUGBAÍ ULADH

Tá dlús curtha lenár gcaidreamh le Rugbaí Uladh agus FA na hÉireann le dhá mhí déag. Tá muid ag déanamh iarratas aontaithe idir an trí eagraíocht ar mhaoiniú Peace IV, agus ní raibh an caidreamh atá eadrainn riamh  níos fearr. Tá meas ag na heagraíochtaí ar fad ar a chéile agus bhí comhoibriú ar bun againn maidir le cláracha DSD agus DCAL.Mar thoradhar an dea chaidreamh atá idir na heagraíochtaí seo, seoladh Comhpholasaí Straitéiseach i gcuideachta an Leas Phríomh Aire Martin McGuinness. Aithníonn an cháipéis sin na deiseanna coitianta idir na heagraíochtaí i réimsí tábhachtacha ar nós forbairt pobail, dea chaidreamh, forbairt an oibrí deonach agus cur lenár gcumas. Tá tábhacht ollmhór agus luach maith straitéiseach sna trí eagrais seo a bheith ag obair lena chéile ar na gnéithe seo. Tá sé mar sprioc cur leis na caidrimh seo sa todhchaí agus cur leis na páirtnéireachtaí, rud a bheidh mar bhuntáiste ag na pobail ar fad ar fud na Cúige.

Bhí bliain shuntasach eile maidir le cúrsaí Sláinte agus Folláine lastigh de CLG Uladh. Cuireadh Coiste Sláinte agus Folláine Uladh ar bun go foirmeálta le linn 2015, agus tugadh aitheantas cheart don cheist thábhachtach seo, trína chur ar bun go foirmeálta lastigh dár struchtúir oifigiúla. Tá mé buíoch do Cathal Hand as Muineachán atá ina Chathaoirelach ar an choiste seo, agus dona daoine ar fad ar fud na Cúige as a gcuid saothair ar mhaithe le folláine ár mbaill. Tá go leor ionadaithe as Uladh ar an choiste náisiúnta atá ag plé leis na hábhair seo, rud a léiríonn an dul chun cinn atá déanta againn anseo sa Chúige, agus rud a rachaidh chun tairbhe anois don chuid eile den tír.

Cuireadh tús meidhreach le feachtas "Blood Sub" i gCraobh na bliana seo, nuair a seoladh an feachtas le balúin dhearga scaoilte in airde san aer i bPáirc na Lúthchleasaíochta i mí Mheitheamh. Tá an feachtas seo ag impí ar bhaill CLG fuil a thabhairt agus tacú le feachtais ina dtugtar fuil. Tá go leor eolais faoin fheachtas seo ar an suíomh idirlín ag CLG Uladh. Phlé muid na cúrsaí seo leis na Seirbhísí Fuilaistriúcháin ó thuaidh agus ó dheas, le go gcuirfí eolas ar fáil dár mbaill agus go ndéanfaí achainí ar bhaill fuil a thabhairt agus a dheonú.

Ba na gradaim "Oscars" a bronnadh i mbliana mar pháirt dár bhfeachtas sábháilteacht bóthair, Live to Play, ceann de bhuaicphointí eile 2015. Tá feachtas sábháilteacht bóthair Live to Play ar siúl le cúig bliana. Tá feachtas Live to Play i measc na bhfeachtais is aitheanta dá bhfuil againn san am i láthair. Cuireadh comórtas "Oscars" ar bun do scoileanna, agus bronnadh gradaim ar sé cinn de scoileanna a chur físeáin le chéile le cur leis an fheachtas. Tá lúcháir orm a rá gur thacaigh an DOE leis an togra, agus go ndearna siad infheistíocht ann  agus go leanfar leis an infheistíocht sin in 2016 agus tá mé ag súil go mór leis na "Oscars" sa Mhárta.

Rinneadh obair shuntasach le bliain lena chinntiú go bhfuil an CLG ábharach do pholasaithe rialtais agus do dheiseanna maoinithe ón Chomhthionól, ón Oireachtas, Westminister, an Bhruiséal agus ag leibhéal rialtas áitiúil. Tá muid i dteagmháil ar bhonn seachtainiúil lenár n-ionadaithe tofa agus lucht polasaí lena chinntiú go dtugtar aitheantas dár n-oibrithe deonacha de bharr an obair shuntasach atá a dhéanamh acu go deonach sa phobal.



Tá súil againn go gcuideoidh na sturchtúir úra níos mó tacaíocht a bheith ar fáil go háitiúil, ach fosta tuiscint aontaithe maidir le pleanáil straitéiseach pobail. Tá caidreamh maith folláin againn leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá sé sin iontach tábhachtach agus maoiniú agus tacaíocht a lorg.

Tá obair thábhachtach a dhéanamh ag ár gCoiste Forbartha, Coiste Pleanáil Club agus Forbairt Fhisiciúil maidir le folláine iomlán na hEagraíochta, agus tá na coistí seo lárnach agus iad i mbun comhairliúcháin agus ag pleanáil chun tosaigh mar atá riachtanach i bPleananna Straitéiseacha ag leibhéal Contae, Cúige agus Náisiúnta. Tá buíochas tuillte ag Ryan Feeney, Aileen Cummins, Sharon Haughey-Grimley, Maura McMenamin agus Fionntán O'Dowd san réimse seo.

## PÁIRCEANNA

Bhí Gradaim Áiseanna na gClubanna mar pháirt lárnach dár gcuid oibre i mbliana. Ba sár obair a rinneadh agus cigireacht a dhéanamah ar pháirceanna imeartha agus áiseanna na gclubanna ar fud na Cúige sa tSamhradh, agus tá muid buíoch do bhaill an CCC agus do Choiste na bPáirceanna agus Slándála a thug faoin obair seo. Tugadh cuireadh dona buaiteoirí contae ar fad chuig ócáid Ghradaim an Uachtaráin lena ngradaim a fháil. Ba CLG Ard an Ratha a bhain an príomh dhuais agus tugadh gradam aitheantais do Loch Mhic Ruairí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uachtarán, Máirtín Mac Aibhne as a chuid oibre maidir leis an togra tábhachtach seo, agus fosta do Geraldine McKavanagh agus Paul Sanders a thacaigh leis an obair a bhain leis an togra seo.

## IONAD CLG AONTROMA AG DÚN SAILÍ

Rinneadh dul chun cinn shuntasach maidir le maoiniú don togra nuair a d'éirigh le CLG Uladh infheistíocht de £800,000 a aimsiú do CLG Aontroma dá n-ionad ag Dún Sailí. Aithníonn muid an ionchur a bhí ag DCAL agus ag an Aire Caral Ní Chuilinn ag réiteach cúrsaí a bhí le socrú, agus tréaslaím le baill foirne Chomhairle Uladh a chur Cás Gnó le chéile agus a d'ullmhaigh na doiciméid riachtanacha le maoiniú a lorg. Is dul chun cinn mór atá anseo, rud a fhágann go mbeidh an t-ionad seo oscailte agus ag feidhmiú ag deireadh 2016. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Ryan Feeney, Michelle McAleer agus Frankie Quinn as a gcuid oibre ar an togra seo, agus infheistíocht fhiúntach faighte don togra.

Le linn an chéad leath de 2015 rinneadh cuid mhór ama a infheistiú ar athbhreithnithe dlíthiúla lena chinntiú go bhféadfaí staidiam Cúige a fhorbairt ar shuíomh Pháirc Mhic Easmainn. Lárnach san phíosa seo oibre bhí tiomantas a fháil ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann go gcoinneofaí an mhaoiniú a bhí beartaithe don togra i dtús báire. Ar an phointe áirithe sin, bhí an socrú maoinithe idir an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Folláine agus an CLG fíorthábhachtach agus tá muid fíor bhuíoch don Aire Caral Ní Chuilinn as a tiomantas pearsanta agus proifisiúnta lena chinntiú go raibh cothromaíocht ag an CLG, bíodh is go bhfuil aeráid eacnamaíocht agus polaitíochta dúshlánach.

Ní mórán airde a fuair an obair theicniúil agus an obair dhleathach a rinne an fhoireann a bhí againn maidir le togra Pháirc Mhic Easmainn, de bharr an phoiblíocht ar fad a d'eascair ó dheireadh mhí an Aibreáin. Tugadh a mbeannacht don dearadh don togra le linn an phróiséis deiridh, bíodh is gur a mhalairt sin a tuairiscíodh sna meáin chumarsáide, agus ach go beith gur neamhnaíodh an cead pleanála le cinneadh cúirte, bheadh sárú le fáil ar na ceisteanna eile a bhaineann le



TÁ MUINÍN AGUS DÍOGRAIS ÚR AG CLG ULADH, AN LÁR CHOMHAIRLE CLG, AGUS AG CLG AONTROMA AGUS MUID AG BRÚ AR AGHAIDH LE STAIDIAM CÚIGE DE CHUID AN CLG A FHORBAIRT AG PÁIRC MHIC EASMAINN, BEÁL FEIRSTE.

gnáth thograí tógála agus an próiseas tógála.

Tá sé iontach tábhachtach a lua, rud a rinne toscaireacht dár gcuid le coiste CAL i mí Mheithimh, go bhfuil béim thábhachtach a dhíriú ag an Chumann Lúthchleas Gael ar shábháilteacht an phobail ag ionad dár gcuid, agus ag ionaid atá faoinár gcúram. Tá sláinte an phobail fíorthábhachtach agus bunúsach agus tá na gnéithe sin lárnach in achan ghné den CLG mar eagraíocht spóirt, agus tá an taithí luachmhar againn ar na cúrsaí seo. Ar son Comhairle Uladh diútaím go hiomlán le líomháintí inár gcoinne, ar na hábhair seo, maidir le Páirc Mhic Easmainn.

Ag eascairt ón mhéid a tharla ag coiste CAL agus fiosrúcháin eile atá bainteach le polasaithe san earnáil phoiblí agus próiséis, chuir an tAire DCAL tús le Clár Athbhreithnithe Measnaithe Ard Leibheál (PAR) maidir le Clár an Staidiam le fócas ar leith ar na fadhbanna le togra Pháirc Mhic Easmainn. Léirigh an tuarascáil seo, a raibh Oifig Comh-Aireachta ina bhun, (saineolaithe i dtograí infreastruchúir a chosnaíonn na milliúin) nach raibh aon rud mícheart le cúrsaí sábháilteachta an CLG agus na foirne proifisiúnta a bhí earcaithe againn. Rinne an tuarascáil seo roinnt moltaí maidir le togra Pháirc Mhic Easmainn.

Ghlac Comhairle Uladh agus Bord an Togra d'aonghuth le tuarascáil PAR agus cuireadh coiste i bhfeidhm le moltaí na tuarascála sin a chur i bhfeidhm. Ar an choiste sin bhí Uachtarán CLG, Ard Stiúrthóir CLG, Ulachtarán Chomhairle Uladh, Rúnaí Chomhairle Uladh, Tom Daly, Cathaoirleach an Bhoird agus Feargal McCormack, baill Choiste Bainistíochta CLG agus Bord an Togra.

Tá muinín agus díograis úr ag CLG Uladh, An Lár Chomhairle CLG, agus ag CLG Aontroma agus muid ag brú ar aghaidh le Staidiam Cúige de chuid an CLG a fhorbairt ag Páirc Mhic Easmainn, Beál Feirste. Tá Bord an Togra ag leanstan ag obair le foirne pleanála do Pháirc Mhic Easmainn agus é mar sprioc na cuspóirí seo leanas a bhaint amach:

- Forbairt a dhéanamh ar staidiam peile d'ard chaighdeán a bheas i measc na gcinn is fearr sa domhain, i mBéal Feirste, don CLG
- Cur le pobal na háite sin ar a mbeidh an togra úr Páirc Mhic Easmainn ag freastal air.
- Forbairt a dhéanamh ar áis a bheidh oiriunach do chluichí clubanna, contae, Cúige agus Náisiunta, agus ag an am céanna ag tacú le heacnamaíocht agus forbairt shoisiálta Bheál Feirte agus Chúige Uladh.

Beidh an CLG in ann tús a chur le comhairliúchán poiblí agus pobail ar na moltaí úra go luath in 2016. Beidh próiseas chomhairliúcháin chuimsitheach ar bun agus beidh moltaí leasaithe a gcur le chéile i ndiaidh dúinn scrúdú a dhéanamh ar na torthaí agus an aischur ón phróiseas comhairliúchán. Cuirimid fáilte roimh oibreacha suíomh le roinnt seachtainí ag Páirc Mhic Easmainn, obair a bhí ag teastáil go géar, dírithe ar chúrsaí slándála agus slacht a chur ar an láthair, rud a thugann uchtach agus misneach arís do phobal na háite agus do phobal an CLG.

Tá beirt neamhpleach atá iontach cumasach ainmnithe againn ar Bhord an Togra. Is iad sin an tOllamh John Cole agus Michael McGuickin. Tá Rory Miskelly ainmnithe ar an Bhord fosta, mar Stiúrthóir Togra. Leis an taithí atá aige cheana féin le DCAL beidh an ról a bhí aige le forbairt Staidiam Kingspan Ravenhill, iontach tábhachtach, mar beidh sé in ann saineolas luachmhar ar chúrsaí tógála a sholathár dúinn. Chuir an CLG moill ar na ceapacháin seo mall sa bhliain 2014 nuair a cuireadh bac dul ar aghaidh le forbairtí ar an suíomh, de bharr athbhreithniú dlíthiúil i gcoinne an tAire Comhshaoil. Tá na ceapacháin úra seo sa mhullach ar pearsanra an CLG atá ag obair ar an togra cheana féin.

Chuir Grúpa Oibre atá faoi stiúir Peter Quinn, a raibh sé de dhualgas orthu tuairisc a chur ar fáil ar na ceisteanna a d'eascair maidir le Club Sóisiálta Pháirc Mhic Easmainn, faoi láthair agus san todhchaí, a dtuarascáil faoi bhráid Comhairle Uladh le roinnt seachtainí. Tá go leor dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar seo agus an tuarascáil seo a chur le chéile. Tá cruinnithe cinn bliana a n-eagrú agus tá doiciméid dlíthiúla a n-aontú le gur féidir bogadh ar aghaidh ón seastán reatha go dtí áiseanna sealadacha le freastal ar oibreacha suíomh, agus ansin áiseanna buana ag an staidiam úr. Ar son CLG Uladh ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le CSC as gach a bhfuil déanta thar roinnt mhaith blianta do CLG Aontroma, agus tá mé ag súil go mór lena gcomhoibriú amach anseo.

Bhí roinnt athraithe ar bhord na n-oifigeach CLG Aontroma i mbliana, agus gabhaim buíochas leis na hoifigigh don bhliain 2015 as a gcomhoibriú. Gabhaim buíochas go háirithe leis an Chathaoirleach Jim Murray as an tacaíocht a thug sé don CLG agus dá Chontae, agus do thogra Pháirc Mhic Easmainn le linn a théarma mar Chathaoirleach. Ba am dúshlánach a bhí ann, agus thacaigh Jim leis an togra agus tá sé ag leanstan ar aghaidh ag tacú leis fríd a chuid oibre le grúpa úr STG i gcomhair le Stephen McGeehan.

Mar an gcéanna, guím ádh mór ar na hoifigigh úra ar Choiste Chontae Aontroma agus ar Colin Donnelly mar Chathaoirleach. Caithfidh Comhairle Uladh agus Coiste Aontroma leanstan orthu ag comhoibriú lena chéile lena chinntiú go n-éireoidh leis an togra seo, mar is cinnte go mbeidh go leor dúshláin romhainn, ach le comhoibriú beidh muid ábalta ár mbealach a dhéanmah fríd cibé fadhb a bheas romhainn.

Is é Tomás Ó Dálaigh atá ag stiúradh Bord Thogra an Staidiam agus tá sé iontach díograiseach ar fad faoina chuid oibre. Rinne sé sár obair ag stiúradh na hoibre seo ar fad agus ag plé go minic le cásanna a bhí casta agus dúshlánach. Rinneadh Rory Miskelly a ainmniú mar Stiúrthóir Togra le roinnt seachtainí agus cuideoidh sé le Tom agus liom féin ag déanamh maoirseoireacht ar an togra agus go háirithe ag láimhseáil cás an iarratais phleanála.

Is é Stephen McGeehan atá i gceannasc ar Ghrúpa Stiúrtha Thogra an Staidiam ar ár son, le tacaíocht ó chomhairleoir teicniúil, Tim Harkin. Tá tacaíocht a thabhairt ag Oliver Galligan (Cisteoir) Michelle McAleer agus Ryan Feeney

don ghrúpa seo fosta. Déanann Geraldine McKavanagh bainistíocht ar an obair riaracháin a bhaineann le hobair an ghrúpa seo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt den méid atá déanta ag an Leas Uachtarán Michael Hasson, a dhéanann ionadaíocht ar an Chomhairle ar Bhord Urraíochta DCAL. Tugaim aitheantas fosta don obair ar fad atá a dhéanamh ag baill Bhord an Togra, baill de bhord an ghrúpa stiúrtha, agus dona hionadaithe seachtracha ó DCAL agus CPD as a gcuid solatháir agus na leibhéil sin.

Tugaimid aitheantas don tacaíocht atá a thabhairt ag ár nUacharán, Aogán Ó Fearghail agus ag Páraic Duffy, atá ina mbaill gníomhach ar Bhord an Togra, agus a thugann tacaíocht luachmhar ag leibhéal Ard Chomhairle. Tá tacaíocht tugtha fosta ag Peter McKenna agus ag Alan Gallagher go háirithe. Tá muid buíoch do Choiste Chontae Aontroma agus do Jim Murray, an t-iar Chathaoirleach, agus do Colin Donnelly, an Cathaoirleach reatha, agus fosta le Frankie Quinn as a thacaíocht. Tá muid fíor bhuíoch don tacaíocht leanúnach atá a thabhairt ag Carál Ní Chuilinn, MLA, Aire DCAL, agus oifigigh a Roinne, faoi stiúr Ian Maye.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an dá fhoireann  conraitheoirí atá lánpháirteach go fóill san phróiséas deartha agus tógála. Is iad sin Mott MacDonald ar an taobh deartha den togra, agus go háirithe a n-oifig i mBéal Feirste, agus an Stiúrthóir atá acu ansin, Bill Downey. Ar an taobh tógála den togra, tá foireann Heron Buckingham (HBJV) agus bhí siadsan gnóthach le roinnt seachtainí ar an láthair, agus gabhaimid buíochas go háirithe lena mBainisteoir Stiúrtha Damian Herron.

## FORBAIRT CLUICHÍ

Tá an fhorbairt ag leanstan ar aghaidh san réimse seo. Sé'n bhun aidhm ná ár n-oibrithe deonacha a ghríosadh, tacú leo sna códanna ar fad faoin CLG, agus le bainisteoirí, traenálaithe, imreoirí agus oifigigh. Leanfaidh muid orainn le foireann Rannóg Pobail na Comhairle ag craobhscaoileadh teachtaireacht Live To Play agus Sláinte agus Folláine le cois an fócas ar gníomhú tras phobail trínar gcláracha éagsúla. Is lastigh de choincheap Teaghlach Iomlán don Saol Iolmán a bheidh sé seo a dhéanamh.

Tá an Curaclam Spóirt Eochairchéim Clár 1 i bhfeidhm ó 2007 agus tá ag éirigh go maith leis. Tá maolú mór ar mhaoiniú fana choinne thar an tréimhse seo, agus cailleadh sé cinn de cóitseálaithe dá bharr. Déanann an clár seo freastal ar bhreis agus 30,000  páiste gach seachtain le cois 600 múinteoir. Tá sé deartha le cur lena n-inniúilacht agus lena n-ábaltachtaí, rud a chuirfidh srian le raimhreacht sa todhchaí. Mo bhuíochas do Terence McWilliams, le cuidiú ó Ryan Mellon atá ag stiúradh an chláir seo go héifeachtach.

Táthar ag leanstan ar aghaidh ag forbairt cláracha oiliúna don iomanaíocht, don pheil agus don liathróid láimhe, agus tá muid ag leanstan lenár dtacaíocht don Chamógaíocht agus Peil na mBan. Díríonn Go Games agus cluichí Super Touch ar rannpháirtíocht. Tuairiscítear ráta 58% nach leanann ar aghaidh idir ceithre bliana déag d'aois agus ocht mbliana déag d'aois. Tugann sé seo teachtaireacht atá soiléir nach mian le daoine óga caitheamh aimsire atá iomaíoch ach go bhfuil siad ag iarraidh ár gcluichí a imirt ar bhonn nach bhfuil iomaíoch. Tá méadú mór ar imeachtaí iomanaíochta sa Chúige i measc daoine óga. Tá go leor imeachtaí eile ag dul ar aghaidh maidir le liathróid láimhe. Léiríonn na himeachtaí seo ar fad go díreach chomh folláin agus atá ár gcluichí san am i láthair.

Is páirtnéirí luachmhara iad High Performance Support agus an Sports Institute i gcur chun cinn agus i bhforbairt aeráid ard fheidhmíochta. Chuidigh agus thacaigh muid le forbairt imreoirí ar nós Aisling Reilly agus Charlie Shanks, curaidh domhanda, agus tá cláracha oiliúna curtha ar bun againn do cheithre anailísí feidhmíochta dona contaetha, agus naoi n-oifigeach atá ag plé le cúrsaí maireachtála. Moltar do fhoirne sinsir contae plé a dhéanamh le Kevin McGuigan agus buntáiste a fháil as na seirbhísí eolaíocht spóirt atá ar fáil uaidh. Is ábhar díoma nach bhfuil na contaetha ar fad ag baint úsaide as na seirbhísí atá ar fáil uaidh.

Tá tacaíocht a thabhairt ag an chlár Performance Focus Programme from Sport do Acadamh Cóitseála CLG Uladh. Is é Kevin Kelly, Tony Scullion agus Sheen Kelly atá ina bhun seo do Chomhairle Uladh. Tá fáilte curtha ag na cóitseálaithe atá rannpháirteach as an deis a fháil plé a dhéanamh i ngrúpaí beaga le cuid dena saineolaithe is fearr ó thaobh cóitseáil san CLG. Bhí an deis acu plé a dhéanamh le Éamonn Ryan (Corcaigh) agus Mick Dempsey (Cill Chainnigh). Tá Acadamh Réiteoirí Chomhairle Uladh a sholathár i bpáirtnéireacht le Coiste na Réiteoirí agus tá Ryan Mellon ag obair go dlúth leis an Chathaoirleach Patsy Mullan agus an Rúnaí Jim O'Rourke. Bhí go leor dena réiteoirí óga seo ar chúrsaí cheana féin, agus tá siad anois ar chlárlann náisiúnta. Ba é Barry Cassidy (Doire) an chéad duine a tháinig fríd an chóras agus ceapadh é i mbliana do chluiche ceannais peile Chraobh Uladh. Cuirimid fáilte roimh 3fivetwo a bheith mar pháirt den chlár, agus léiríonn torthaí an tábhacht atá leis na scrúdaithe sláinte faoi 3fivetwo a dhéanamh roimh thús an tséasúir, le tacú lenár n-oifigigh a bhíonn ag riaradh na gcluichí.

Tá an clár maidir le Maitheas an Imreora a stiúradh ag Ryan Mallon, agus bhí sé ag obair i gcomhair leis an Sports Institute agus oiliúint a chur ar Oifigigh Maitheas an Imreora in achan chontae. Cuireadh an clár ar fáil i scoileanna, agus ní do imreoirí nó do bhaill an CLG amháin. Cuireadh ar fáil é do imreoirí ó spóirt eile chomh maith. Beidh tacaíocht a thabhairt ag an Sports Institiude arís in 2016 don chlár seo, agus tá sé mar sprioc go mbeidh naonúr Oifigeach Leasa Imreora a n-earcú lastigh de chontaetha.

## CUIMSITHEACHT AGUS IMEASCADH

Is gnéithe lárnacha iad seo d'obair na Comhairle agus d'obair na Rannóige Pobail agus na Rannóige Cóitseála agus Cluichí. Tugann an Rannóg Cóitseála agus Cluichí tacaíocht

leanúnach don Chlár Chú Chulainn, do Chluiche na dTrí Leath agus d'earnáil an Oideachais Imeasctha. Anuas air sin, tá sárobair déanta ag Diarmaid Marsden in Ionad Ógchiontóirí Hydebank, áit a mbíonn cóitseáil agus cluichí ar siúl le tacaíocht na mball foirne eile. Tá na hUltaigh i gcónaí ag cur fáilte roimh dhaoine agus ag tabhairt deiseanna dóibh triail a bhaint as ár gcluichí. Sárshampla de sin a fheabhas a d'éirigh leis na blitzchomórtais scoile san earnáil imeasctha. Is féidir le CLG Uladh dlús a chur ina gclár míchumais ó cruthaíodh ceithre cinn de mhoil mhíchumais agus ó ceannaíodh cathaoireacha rothaí. Eagraíodh Seó Bóthair Scoileanna i mí na Nollag a thug deis do dhaltaí lánchumais imirt mar is ceart lena gcomhdhaltaí atá i gcathaoireacha rothaí.

Tionscnamh nua is ea Clár na gClubanna Gníomhacha a ceapadh le dul i ngleic le ceisteanna míchumais i measc ban óg agus i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Dhírigh Shane McCann agus Paul Callaghan isteach ar Bhéal Feirste agus ar Dhoire sa chlár seo. Cuireann siad clár iarscoile ar fáil agus tá cóitseálaithe sna clubanna áitiúla ceaptha acu leis an bhearna a líonadh idir an scoil agus an club. Táthar ag súil leo cur le hacmhainní na gclubanna sa dóigh is go mbeidh struchtúir shásúla le haghaidh cóitseála agus cluichí ann. Bhí ról lárnach ag Diarmaid Marsden san obair seo, ag cur comhairle agus ag tacaíochta ar fáil do na clubanna maidir le struchtúir éifeachtacha a chur ar bun le freastal ar bhaill nua.

Gerry Mallon a bhíonn ag tacú sna hearnálacha Breisoideachais agus Ardoideachais. Tá Cúige Uladh chun tosaigh maidir le hAcadaimh a bhunú do mhic léinn breisoideachais. Obair atá inti nach dtugtaí mórán suntais di ar feadh i bhfad agus is iomaí sin duine óg de chúlra CLG nach mbíodh páirteach ach ar éigean sna cluichí le linn dóibh a bheith sna coláistí. Tá dúshláin go leor roimh earnáil an ardoideachais agus tá brú ar a lán institiúidí campais a chumasc agus foireann amháin a chur chun na páirce. Dúshlán eile do na cluichí Gaelacha is ea an méadú ar líon na mac léinn atá ag gabháil don Ardoideachas. Caithfidh na clubanna agus a gcuid riarthóirí teacht ar na hacmhainní agus ar an airgead atá riachtanach le roinnt foirne a chur chun na páirce. Is mar gheall air sin a chuirimid maoiniú ar fáil do na hoifigigh forbartha san earnáil seo.

D'fhreastail os cionn trí chéad fiche teachtaí ar Chomhdháil a d'eagraigh CLG Uladh i gcomhar le muintir Uí Néill maidir le Forbairt Cóitseála agus Cluichí in 2015. Tá lúcháir orainn go bhfuil muintir Uí Néill ag tacú linn i gcónaí de thairbhe ár gcaidrimh le Kieran Kennedy. Ba iad na príomhchainteoirí ná Dermot Early agus John McEntee. Labhair an bheirt acu go paiseanta faoi na róil atá acu ina gClubanna agus ina gContaetha féin agus labhair siad faoi chuid de na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn le sárú san obair chóitseála.

Tá Cláir Chreidiúnaithe ag OCN Coaching a chuireann creidiúnú ar fáil do na cláir a reáchtáiltear trí ghníomhaireacht sheachtrach agus atá ar siúl le cúig bliana anuas. Tugann siad deis d'oibrithe deonacha cáilíocht a bhfuil aitheantas forleathan aici a bhaint amach ina gcuid oibre. Bíonn Cláir ag Leibhéal 3 ar siúl go leanúnach i gCóitseáil Feidhmíochta CLG, i mBainistíocht Foirne CLG agus san Anailís Feidhmíochta agus tá sé beartaithe díriú isteach ar réimsí eile, ar son Forbairt Lúthchleasaithe.

Maidir le Dámhachtana Leibhéal 2 de chuid an CLG, cuirfear tús sa bhliain 2016 le dámhachtana cóitseála a bheith éigeantach do chontaetha agus do chlubanna araon. Beidh ar gach foireann atá bunaithe i gcontae, ó cheithre bliana déag d'aois go foirne sinsear, cóitseálaí Dhámhachtain 2 a bheith acu. I gcás nach bhfuil sin amhlaidh, moltar do chontaetha leas a bhaint as an phróiseas comhshamhlúcháin do chóitseálaithe le taithí nó cúrsa leibhéal 2 a bhunú ina gcontae féin. Gabhaimid buíochas le Roger Keenan atá fós i mbun na gClár Oideachais do Chóitseálaithe a chuireann an dea-chleachtas agus ardchaighdeáin chun cinn ar fud na Cúige.

Maidir le Luachanna Cóitseálaithe agus Bainisteoirí, bhí cuid mhór plé ar cheisteanna a bhaineann le barraíocht traenála a bheith ar siúl, ar shlí a fhágann na himreoirí tuirseach. B'éigean dul i ngleic le sceidil agus le clár na gcluichí fosta. Bhí bunús éigin leis an phlé sin ach, i ndeireadh na dála, Is ar an imreoir féin, ar an chóitseálaí agus ar an bhainisteoir atá an fhreagracht maidir leis an méid traenála a dhéantar.





Caithfimid go léir ár machnamh a dhéanamh ar ár luachanna agus ar ár dtuiscintí féin mar chóitseálaithe agus leas an imreora a chur chun tosaigh i ngach uile chinneadh a dhéanaimid. Go hard in measc ár dtosaíochtaí don bhliain 2016 tá cláir oideachais i gcoinne dópála agus ardú feasachta maidir le comhtholgadh. Caithfimid fosta an fócas a aistriú ó láidreacht agus ó neart na n-imreoirí agus béim a chur ar iad a fhorbairt mar imreoirí. Le go mbeidh daoine ábalta ár gcluichí a imirt mar is ceart, caithfear díriú isteach ar scileanna, ar chiall don imirt agus ar chinnteoireacht le linn an chluiche. Tosaíocht eile is ea leas ár gcuid oibrithe deonacha ag leibhéal na gclubanna agus na gcontaetha. De réir mar a ardaítear caighdeáin agus duaiseanna, méadaítear ar bhrú agus ar strus. Tá dualgas ar an Chumann timpeallacht atá slán sábháilte a chruthú a ligfidh do gach uile dhuine páirt a ghlacadh inár gcluichí féin ag an leibhéal cuí.

Molaimid an tsárobair atá ar siúl ag Coiste Forbartha na gCóitseálaithe agus na gCluichí. Is iontach an méid oibre a dhéanann siad ar ár son. Is mór againn an obair atá déanta ag Gerry Duffy, atá ina Chathaoirleach ar an Choiste, agus a chuireann an cheannaireacht riachtanach ar fáil sa ghné ríthábhachtach seo dár gcuid oibre. Tá buíochas ag gabháil fosta do shárobair Eugene Young agus don cheannaireacht a chuireann sé ar fáil ó thaobh fhorbairt na gcluichí de. Táimid faoi chomaoin aige as a chuid pleanála agus as an fhís atá aige i réimse atá ríthábhachtach dár gcuid imreoirí agus dár gcuid foirne go léir. Molaimid foireann Fhorbairt na gCluichí as a gcuid oibre.

## GAEILGE AGUS OIDHREACHT

Tá ag méadú i gcónaí ar réimse oibre an Choiste seo, obair a dtugann CLG Uladh tacaíocht iomlán di. Bhí Cúrsaí de Faoite ina shárshampla den tacaíocht agus don spreagadh is féidir a thabhairt dár dteanga agus den chultúr a bhaineann léi. Caithfidh an teanga a bheith bríomhar agus neadaithe sa phobal. Thug Cúrsaí de Faoite spreagadh as an nua do gach duine a bhí páirteach iontu agus cuideoidh siad lena dheimhniú go mbeidh an teanga atá á labhairt leis na céadta bliain ina gné mharthanach de shaol na hÉireann agus de shaol na nÉireannach ar fud an domhain. Ollscoil Uladh a eagraíonn an clár ‘Gaeilge sa gClub’. D’éirigh go hiontach maith leis go dtí seo agus tugaimid gach tacaíocht dó. Lena rá go simplí: iad siúd a fhaigheann tacaíocht uainn, caithfidh siad a gcuid scileanna a úsáid leis an teanga a fhorbairt ina gClub féin. Chuidigh sé seo le Roinn an Léinn Cheiltigh san Ollscoil a fhorbairt agus a neartú agus bhí teagmhálacha againn le Misean Oirthear Bhéal Feirste. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur fhreastail Linda Ervine ar ár gcúrsa sna Dúnaibh. Labhair Linda le rannpháirtithe an chúrsa maidir lena tacaíocht siúd don Ghaeilge agus tugadh na gártha molta agus bualadh bos di. Is cruthúnas é sin ar an dóigh ina mbíonn gach gné dár gcuid oibre riachtanach agus mar a bhíonn siad go léir ag brath ar a chéile.

Táimid faoi chomaoin ag an Choiste Gaeilge agus Oidhreachta as a gcuid oibre, iad féin agus na grúpaí éagsúla atá páirteach san obair. Is baill ghníomhacha iad a chuireann go mór le leas an CLG. Déanann Pádraig Ó Connacháin sárobair mar Chathaoirleach ar an Choiste agus táimid buíoch de as an chuidiú agus an chomhairle a chuireann sé ar fáil do Chomhairle Uladh.

## CULTÚR AGUS SCÓR

Ní bhíonn stad ar an obair a dhéanann ár gcuid ball leis an chultúr a fhorbairt trí cheol, amhráin, rince agus drámaíocht. Is mar gheall air sin a bhíonn a oiread sin ratha ar na comórtais Scór na nÓg agus Scór. Tugann ár gcuid Clubanna agus ár gcuid ball an-tacaíocht do na comórtais, idir bhabhtaí leathcheannais agus bhabhtaí ceannais. Caithfidh gach Club deimhin a dhéanamh de gur páirt lárnach dá gcuid oibre atá i Scór, go mbeidh raon leathan daoine rannpháirteach ann agus go mbainfear sult as. Gné an-tábhachtach d’aidhmeanna, d’idéil agus d’fhéiniúlacht ár gCumainn atá ann. Bhí beirt bhuaiteoirí Ultacha páirteach i mbabhta ceannais Scór na hÉireann. Gabhaimid comhghairdeas le CLG Naomh Moininne, Cill Shléibhe agus CLG Naomh Muire, Achadh Gallán, a thug craobh na hÉireann leo sa Rince Seite agus i gcomórtas na nGrúpaí Bailéad faoi seach.

Tá Éamonn Mac Mathúna le moladh as an dúthracht atá léirithe aige maidir le Scór thar thréimhse fhada. Bhí Ailís Nic an tSaoi ina cúntóir fíorchumasach aige, duine a chuidigh go mór le forbairt Scór. Is iad an bheirt seo, i gcomhar le baill Choiste Scór, a chuireann ceannaireacht ar fáil agus a eagraíonn na comórtais i gCúige Uladh ar shlí thar a bheith éifeachtach. Tugann Damian Kelly agus Geraldine tacaíocht ar dóigh ar fáil do Choiste Scór agus táimid buíoch díobh dá bharr sin.

## CÚRSAÍ AN CHUMAINN

Níl an CLG a dhath níos mó ná na dreamanna atá páirteach ann. Tá an daonlathas lárnach ann, sa dóigh is go ndéantar an leas coiteann i dtaca le Rialacha agus le próiseas cinnteoireachta an Chumainn. Bhí an-chuid plé ar an chlár cluichí, na tréimhsí ina n-imrítear na cluichí sin agus na cúraimí éagsúla a bhíonn ar imreoirí ag leibhéil agus ar fhoirne éagsúla. Is ceisteanna iad seo a bhfuil impleachtaí acu maidir le leas na n-imreoirí agus is léir do chách go gcaithfimid aghaidh a thabhairt orthu. Tá gá le réamhshéasúr ina mbeidh seans eagar a chur ar na himreoirí agus ar na foirne. Bheadh séasúr na himeartha ann ina dhiaidh sin, ina gcuirfear clár cluichí i gcrích ar shlí a chinnteoidh go ndéanfar freastal ar gach gné dár gcluichí. Caithfimid fosta laghdú ar na riachtanais traenála i gcoibhneas le líon na gcluichí a imrítear. Bhí neart cainte ann faoin bhliain féilire i gcomhthéacs réiteach a fháil ar na fadhbanna seo. Creidimse gur féidir clár na gcluichí le linn na bliana a sceidealú i gceart, fad is a chloífidh gach dream leis na dátaí liostaithe. Cáineadh Comhairle Uladh as séasúr na gcraobhchomórtais a bheith rófhada ach cuirtear na comórtais seo i gcrích taobh istigh de thréimhse naoi seachtaine: Craobhchomórtais Sinsear idir contaetha san Iománaíocht agus sa Pheil, Craobhchomórtais na Mionúr, Coróin Ring, Coróin Rackard agus Corn Meagher Cups chomh maith le sciar maith de na Cluichí Cáilithe Uile-Éireann san iománaíocht agus sa pheil. Is féidir séasúr imeartha níos giorra fós a leagan amach agus níor cheart choíche struchtúir agus caighdeáin a bheith thíos lena leithéid.

Táimid go léir páirteach i bhforbairt an Chumainn. Tá an caidreamh leanúnach idir na hoifigigh éagsúla á chothú, á neartú agus á leathnú. We are part of the wider development of the Association be it physical or games related. Tá an caidreamh oibre idir an Chomhairle agus na Contaetha fíormhaith agus bíonn ár gcuid Oifigeach i dteagmháil rialta lena gcomhghleacaithe sna Contaetha. Molaimid obair na gCathaoirleach, na Rúnaithe, na gCisteoirí agus na mBainisteoirí Forbartha agus gabhaimid buíochas leo as a gcur chuige cairdiúil gairmiúil maidir le gnóthaí an CLG.

Amach ó eisceacht nó dhó, bíonn socruithe oibre iontach maith idir foireann Chomhairle Uladh agus an fhoireann náisiúnta. Chomh maith leis sin, tá socruithe oibre iontach sásúil i bhfeidhm idir an Chomhairle seo, na contaetha agus na dreamanna éagsúla taobh istigh de gach contae. Gabhaimid buíochas leis an fhoireann Náisiúnta as a gcuidiú, a gcomhobair agus a gcomhairle. Gabhaimid buíochas faoi leith le Pat Daly agus le Peter McKenna as a gcuid oibre siúd. Gabhaimid buíochas fosta le Patrick Doherty agus Fergal McGill as a gcuidiú ina sainréimsí féin.

Tá Páraic Ó Dufaigh, ár nArd-Stiúrthóir, ina chrann taca ag an Chumann agus cuireann sé ceannaireacht shoiléir ionraic ar fáil don CLG. Táimidne i gCúige Uladh thar a bheith buíoch de as a thacaíocht agus a chomhairle ar iliomad ceisteanna a thagann aníos i gcaitheamh na bliana. Táimid thar a bheith bródúil as obair Aogáin Uí Fhearghail, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael. Arís agus arís eile, cruthaíonn Aogán a dhíograis agus a dhúthracht d'aidhmeanna agus d'idéil an Chumainn. Cuireann sé ceannaireacht ar fáil do bhaill an CLG i mbaile agus i gcéin. Gabhaimid buíochas arís le Páraic agus le hAogán as an obair a dhéanann siad ar ár son.

## COMHBHRÓN

I mbliana cailleadh go leor daoine rud a ghoill go mór ar ár mbaill agus ar ár gcairde. Ceannaire fíorábalta i ngach gné a bhain leis an Chumann a bhí in Malachy Mahon agus áireoidh muid uainn é. Cuireann muid ár gcomhbhrón in iúl dá mhuintir, dá Chlub agus do Chumann Lúthchleas Gael i bhFear Manach. Chaill Muineachán beirt iarChathaoirleach, beirt a thug treoir mhisniúil do Chumann Lúthchleas Gael. Tugann bás Peter Sherry and Aidan Quigley léiriú dúinn ar an tiomantas a bhíonn acu siúd ar Oifigigh deonacha iad. Fuair Vincie Savage bás i ndiaidh a shaol a chaitheamh ag obair dá Chlub, dá Chontae agus don Chumann mar riarthóir agus mar mhaor. Ní thugann an bás aird ar bith ar aois agus d'fhág muid slán ag Shane Mulholland agus Aaron Devlin. D'éirigh leo cuid mhór a bhaint amach san am ghairid a chaith siad inár gcuideachta. Cuireann muid ár gcomhbhrón in iúl dóibh siúd ar fad a chaill daoine go háirithe muintir agus cairde na ndaoine sin a fuair bás le bliain anuas. Ba mhinic a mhothaigh muid brón agus uaigneas le linn dúinn a bheith ag fairí agus tórraimh agus muid ag déanamh ár gcomhbhrón le gaolta na marbh, daoine a raibh ardaithne orthu i measc mhuintir an Chumainn.

Déanfar Aifreann a cheiliúradh ar son gach ball den Chumann atá imithe ar shlí na fírinne san phríomhfhoirgneamh riaracháin ar an Abhainn Bheag ar 11.00 a.m. ar mhaidin an Choinbhinsiúin. Táthar ag súil le gach teachtaí a bheith i láthair mar chomhartha measa ar na baill atá imithe ar shlí na fírinne.

## FOCAL SCOIR

Tréimhse chinniúnach i stair CLG atá ann. Caithfimid cuimhneamh ar na ceithre ghné is tábhachtaí dár gcuid oibre. Tá teaghlaigh fós i gcroílár obair na heagraíochta, mar is léir ón téama 'an teaghlach go léir ar feadh ár saoil go léir'. Beidh áiseanna riachtanach dúinn san am atá le teacht agus, arís i mbliana, táimid ár n-óstú ag áis fhíormhaith atá á rialú ag Coiste an Chontae. Tá cúrsaí airgeadais tábhachtach sa mhéid is go gcaithfimid a bheith in ann ár gcostais a dhíol, inniu agus san am atá amach romhainn. Tá neart plé á dhéanamh faoi láthair maidir le clár na gcluichí agus is rud atá ann atá tábhachtach do sheasmhacht an Chumainn. Is é atá de dhíth ná réamhshéasúr, séasúr na gcomórtas agus iarshéasúr. Feicimid go léir na dúshláin atá ann ach is é an cheist is bunúsaí ná seo: an bhfuil smacht againn orainn féin le go mbeimid ábalta cloí leis na cinntí a dhéanaimid féin? Má tá, níl rud ar bith nach féidir linn a bhaint amach agus tá ré órga i ndán don CLG.

Is mise, le meas,

**DÓNALL Ó MURCHÚ**
Rúnaí